# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1254 ÓN gCOIMISIÚN

## an 21 Aibreán 2021

## lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2014/65 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 16(12) agus Airteagal 27(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh earráidí in Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún ([2]) mar gur ceanglaíodh leis go Airteagal 59(4), Airteagal 60 agus Caibidil IV den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, in ionad Airteagal 64(4), Airteagal 65 agus Caibidil VIII.

(2) Rinneadh earráidí i roinnt crostagairtí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565, rud is cruinne fós faoi "Measúnú cliaint", "Láimhseáil orduithe", "Ordú cliaint agus idirbhearta", "Tuairisciú le cliaint", "Cumarsáid le cliaint", agus "ceanglais eagraíochtúla".

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Beidh feidhm ag Caibidil II, agus Ranna 1 go 4, Airteagal 64(4), Airteagal 65 agus Ranna 6 go 8 de Chaibidil III agus, a mhéid a bhfuil baint acu leis na forálacha sin, Caibidle I agus VIII den Rialachán seo maidir le cuideachtaí bainistíochta nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 2009/65/CE agus Airteagal 6(6) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).";

(2) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.
([2]) IO L 87, 31.3.2017, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
U\rsula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN I*

**Coimeád taifead**

Liosta íosta de na taifid nár mhór do ghnólachtaí infheistíochta a choimeád ach sin ag brath ar an gcineál gníomhaíochtaí atá acu

| Cineál oibleagáide | Cineál taifid | Achoimre inneachair | Tagairt reachtach |
|---|---|---|---|
| **Measúnú cliaint** | | | |
| | Faisnéis do chliaint | Inneachar dá bhforáiltear faoi Airteagal 24(4) de Threoir 2014/65/AE agus Airteagail 44 go 51 den Rialachán seo | Airteagal 24(4) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 44 go hAirteagal 51 den Rialachán seo |
| | Comhaontuithe cliant | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 25(5) de Threoir 2014/65/AE | Airteagal 25(5) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 58 den Rialachán seo |
| | Measúnú ar oiriúnacht | Inneachar dá bhforáiltear faoi mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 25 de Threoir 2014/65/AE agus Airteagail 54, 55 go 60 den Rialachán seo | Airteagal 25(2) agus (3) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 54, 55 agus 56 den Rialachán seo |
| **Láimhseáil orduithe** | | | |
| | Láimhseáil orduithe na gcliant — idirbhearta comhiomlána | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 67 go 70 den Rialachán seo | Airteagal 24(1) agus 28(1) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 67 go hAirteagal 70 den Rialachán seo |
| | Comhiomlánú agus leithdháileadh idirbheart le haghaidh a chuntais féin | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 69 den Rialachán seo | Airteagal 24(1) agus 28(1) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 69 den Rialachán seo |
| **Orduithe cliaint agus idirbhearta** | | | |
| | Taifead a choimeád ar orduithe cliaint nó ar chinneadh chun déileála | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 74 den Rialachán seo | Airteagal 16(6) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 74 den Rialachán seo |
| | Taifid a choimeád ar idirbhearta agus ar phróiseáil orduithe | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 75 den Rialachán seo | Airteagal 16(6) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 75 den Rialachán seo |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Tuairisciú le cliaint** | | | |
| | Oibleagáid i ndáil le seirbhísí a sholáthraítear do chliaint | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagail 59 go 63 den Rialachán seo | Míreanna 1 agus 6 d'Airteagal 24 agus míreanna 1 agus 6 d'Airteagal 25 de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 59 go hAirteagal 63 den Rialachán seo |
| **Sócmhainní cliaint a choimirciú** | | | |
| | Ionstraimí airgeadais cliaint arna seilbh ag gnólacht infheistíochta | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 16(8) de Threoir 2014/65/AE agus faoi Airteagail 2 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún | Airteagal 16(8) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 2 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 |
| | Cistí cliaint i seilbh gnólachta infheistíochta | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 16(9) de Threoir 2014/65/AE agus faoi Airteagail 2 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 | Airteagal 16(9) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 2 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 |
| | Úsáid ionstraimí airgeadais cliaint | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 5 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 | Míreanna 8, 9 agus 10 d'Airteagal 16 de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 5 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 |
| **Cumarsáid le cliaint** | | | |
| | Faisnéis maidir le costais agus na muirir ghaolmhara | Inneachar dá bhforáiltear faoi Airteagal 50 den Rialachán seo | Airteagal 24(4), pointe (c) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 50 den Rialachán seo |
| | Faisnéis faoin ngnólacht infheistíochta agus a cuid seirbhísí, ionstraimí airgeadais agus sócmhainní cliaint a choimirciú | Inneachar dá bhforáiltear faoi Airteagail 47, 48 agus 49 den Rialachán seo | Airteagal 24(4) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 47, 48 agus 49 den Rialachán seo |
| | Faisnéis do chliaint | Taifid cumarsáide | Airteagal 24(3) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 46 den Rialachán seo |
| | Cumarsáidí margaíochta (seachas i bhfoirm ó bhéal) | Gach cumarsáid margaíochta arna n-eisiúint ag an ngnólacht infheistíochta (seachas i bhfoirm ó bhéal) dá bhforáiltear faoi Airteagal 44 agus 46 den Rialachán seo | Airteagal 24(3) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 44 agus 46 den Rialachán seo |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Comhairle infheistíochta do chliaint miondíola | (i) Ráiteas gur tugadh comhairle infheistíochta, an t-am agus an dáta a tugadh í agus (ii) an ionstraim airgeadais a moladh (iii) an tuairisc maidir le hoiriúnacht a tugadh don chliaint | Airteagal 25(6) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 54 den Rialachán seo |
| | Taighde infheistíochta | Gach ítim de thaighde infheistíochta a deisigh an ghnólachta infheistíochta trí mheán marthanach | Airteagal 24(3) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 36 agus 37 den Rialachán seo |
| **Ceanglais eagrúcháin** | | | |
| | Gnó agus eagrú inmheánach na gnólachta | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 21(1), pointe (f) den Rialachán seo | Míreanna 2 go 10 d'Airteagal 16 de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 21(1), pointe (f) den Rialachán seo |
| | Tuarascálacha ar chomhlíonadh | Gach tuarascáil ar chomhlíonadh chuig an gcomhlacht bainistíochta | Airteagal 16(2) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 22(2), pointe (c) agus Airteagal 25(2) den Rialachán seo |
| | Taifead coinbhleachta leasa | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 35 den Rialachán seo | Airteagal 16(3) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 35 den Rialachán seo |
| | Aslaigh | An fhaisnéis a nochtar do chliaint faoi Airteagal 24(9) de Threoir 2014/65/AE | Airteagal 24(9) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 11, 12 agus 13 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 |
| | Tuarascálacha ar bhainistiú riosca | Gach tuarascáil ar bhainistiú riosca chuig bainistíocht shinsearach | Airteagal 16(5) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 23(1), pointe (b) agus Airteagal 25(2) den Rialachán seo |
| | Tuarascálacha ar iniúchadh inmheánach | Gach tuarascáil ar iniúchadh inmheánach chuig bainistíocht shinsearach | Airteagal 16(5) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 24 agus Airteagal 25(2) den Rialachán seo |
| | Taifid láimhseála gearán | Gach gearán agus na bearta láimhseála gearán a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar an ngearán | Airteagal 16(2) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagal 26 den Rialachán seo |
| | Taifid d'idirbhearta pearsanta | Taifid dá bhforáiltear faoi Airteagal 29(5), pointe (c) den Rialachán seo | Airteagal 16(2) de Threoir 2014/65/AE<br>Airteagail 29(5), pointe (c) den Rialachán seo" |